Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Iúil 2026
(OR. en)

11211/26
PV CONS 42
ENV 861
CLIMA 359
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

25 Meitheamh 2026

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10870/26.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 10938/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 10940/26

**Gnóthaí Eachtracha**

**1. Rialachán maidir le dleachtanna custaim a choigeartú agus taraif-chuótaí a oscailt a bhaineann le hallmhairiú earraí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.6.2026

10701/26 + ADD 1
PE-CONS 32/26
POLCOM

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

Leagtar amach san Iarscríbhinn ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún chomh maith le ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an mír seo.

**2. Rialachán maidir le neamhchur i bhfeidhm dleachtanna custaim ar allmhairí earraí áirithe**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.6.2026

10700/26
PE-CONS 31/26
POLCOM

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Leasú ar an Rialachán maidir le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna** ❶C 10065/1/26 REV 1
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an <u>Chomhairle</u> dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

4. **An Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce – Bliain chun cinn: staid na himeartha agus an bealach chun cinn** 2 10288/1/26 REV 1
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an <u>gComhairle</u> bunaithe ar an nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

5. **An Dúlra, an Gnó agus an tIomaíochas: Rioscaí an Chaillteanais Bithéagsúlachta a Bhainistiú** 2 10286/26
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an <u>gComhairle</u> bunaithe ar an nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

6. **Rialachán REACH: an bealach chun cinn** 2 10294/26
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an <u>gComhairle</u> bunaithe ar an nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

7. (a) Roimh COP 31: gníomhaíochtaí chun an seasamh caibidlíochta ón Aontas a neartú i gcruinnithe idirnáisiúnta maidir leis an aeráid – athbhreithniú ó Uachtaránacht na Cipire 10675/26
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(b) Lascthrealamh ardvoltais – An ghníomhaíocht is gá le haghaidh eangach leictreachais cumhachta Eorpach a bheidh láidir agus slán 10693/1/26 REV 1
*Faisnéis ón Iodáil, ón mBulgáir agus ó Phoblacht na Seice*

(c) **Torthaí ar 34 bliana de chur chun feidhme Rialachán LIFE agus ionchais** 10548/1/26 REV 1
*Faisnéis ón Spáinn, ón Iodáil, ó Lucsamburg agus ón Ostair*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ostair ar fáil, chomh maith leis na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile.

(d) **Faisnéis faoi Chruinniú MED9 na nAirí Comhshaoil (Šibenik, an Chróit, an 18 go dtí an 19 Bealtaine 2026) — Athléimneacht an tSoláthair agus Cosaint an Chomhshaoil Mhuirí** 10918/26
*Faisnéis ón gCróit*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chróit ar fáil.

(e) **Tuarascáil ar phríomhchruinniú idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí:**

**An 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (COP 15) (Campo Grande, an Bhrasaíl, an 23 go dtí an 29 Márta 2026)** 10878/26
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

(f) **An 17ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD COP17) (Ulaanbaatar, an Mhongóil, 17 go dtí an 28 Lúnasa 2026)** 10879/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(g) **Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin cur chun feidhme an Rialacháin maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht** 10712/1/26 REV 1
*Faisnéis ón mBulgáir, ó Phoblacht na Seice, ón Iodáil, ón Laitvia, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Iodáil, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic ar fáil.

(h) **Caibidlíocht faoin gConradh Idirnáisiúnta maidir le Truailliú Plaisteach** 2 10949/26
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil, chomh maith leis na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile.

(i) **An comhordú Eorpach is gá chun speicis choimhthíocha ionracha a chomhrac agus a leathadh a chosc** 2 10911/26
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil, chomh maith leis na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile.

(j) **Dul i ngleic le faisean ríghasta: Iarraidh ar chur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais** 2 10797/1/26 REV 1
*Faisnéis ón nDanmhairg, ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Ísiltír agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír agus an tSlóivéin ar fáil, chomh maith leis na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile.

(k) **Páipéar leathoifigiúil Benelux maidir leis an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach atá ar na bacáin** 2 10993/26
*Faisnéis ón mBeilg, ó Lucsamburg agus ón Ísiltír*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír ar fáil.

(l) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** ❶C

**Dlús a chur le nósanna imeachta ceadanna: Iarraidh ar chomhsheasmhacht mhéadaithe idir forálacha na hearnála fuinnimh agus an omnibus comhshaoil** 11052/26
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

**(m)** **An t-athbhreithniú domhanda a chur chun feidhme: torthaí agus obair leantach ar an gcéad Chomhdháil maidir leis an Aistriú ó Bhreoslaí Iontaise** [2] 10738/26
*Faisnéis ón Ísiltír*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil.

**(n)** **Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta** [2]
*Faisnéis ó Éirinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Éire ar fáil.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 10940/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le dleachtanna custaim a choigeartú agus taraif-chuótaí a oscailt a bhaineann le hallmhairiú earraí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le sásra coimirce faoi Rialachán (AE) 2026/... maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá**

'Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé do Pharlaimint na hEorpa súil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann leis an sásra coimirce lena gceadaítear fabhair arna ndeonú do na Stáit Aontaithe a chur ar fionraí. Chuige sin, má mholann Parlaimint na hEorpa don Choimisiún imscrúdú coimirce a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún measúnú cúramach i dtaobh an bhfuil údar maith le himscrúdú a thionscnamh *ex officio* de bharr na n-imthosca agus cuirfidh sé toradh a mheasúnaithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le gníomhartha cur chun feidhme faoi Rialachán (AE) 2026/... maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá**

'Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go rialta agus tabharfaidh sé lánaird ar thuairimí Pharlaimint na hEorpa sula molfaidh sé gníomh cur chun feidhme faoin Rialachán seo.'